Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
PREASRÁITEAS Uimh. 79/18
Lucsamburg, 31 Bealtaine 2018

Preas agus Faisnéis

Éisteacht Shollúnta na Cúirte Breithiúnais

Gealltanas sollúnta arna thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag ceithre chomhalta nua de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

I gcomhréir leis na Conarthaí agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, le cinntí uaithi an 22 Eanáir 2018, an 29 Eanáir 2018 agus an 6 Márta 2018, cheap Comhairle an Aontais Eorpaigh Eva Lindström, ar náisiúnach de chuid na Sualainne í, Tony Murphy, ar náisiúnach de chuid na hÉireann é, agus Hannu Takkula, ar náisiúnach de chuid na Fionlainne é, mar chomhaltaí de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa don tréimhse ón 1 Márta 2018 go dtí an 29 Feabhra 2024, chomh maith le Annemie Turtelboom, ar náisiúnach de chuid na Beilge í, don tréimhse ón 1 Bealtaine 2018 go dtí an 30 Aibreán 2024.

Bhí éisteacht shollúnta de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ann ag 12.00 inniu mar a thug Comhaltaí de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa uathu an gealltanas sollúnta dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Is doiciméad neamhoifigiúil do na meáin é seo agus níl an Chúirt Bhreithiúnais faoi cheangal aige.

Teagmháil phreasa: Holly Gallagher ☎ (+352) 4303 3355